



Lucsamburg, 17 Deireadh Fómhair 2016  
(OR. en)

13202/16

CFSP/PESC 814  
CSDP/PSDC 572

### TORADH NA nIMEACHTAÍ

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 17 Deireadh Fómhair 2016

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 13201/16 CFSP/PESC 813 CSDP/PSDC 571  
roimhe seo:

---

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála  
- Conclúidí ón gComhairle (17 Deireadh Fómhair 2016)

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála, a ghlac an Chomhairle ag an 3492ú cruinniú a bhí aici ar an 17 Deireadh Fómhair 2016.

**CONCLUÍDÍ ÓN gCOMHAIRLE I nDÁIL LE STRAITÉIS DHOMHANDA  
AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LEIS AN mBEARTAS EACHTRACH AGUS  
SLÁNDÁLA**

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 17 Deireadh Fómhair 2016**

1. Ag meabhrú di na Conclúidí ón gComhairle ó mhí an Mheithimh 2016 i ndáil le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála (EUGS), cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go mbeidh an straitéis sin mar threoir do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh sna blianta amach romhainn. Tá na Ballstáit tiomanta go hiomlán í a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach i gcomhar leis an Ardionadaí agus leis an gCoimisiún. Leagann an Chomhairle béim ar úinéireacht agus ar rannpháirtíocht na mBallstát i rith an phróisis.
2. Is é atá in EUGS fíis chomhroinnte an Aontais Eorpaigh agus an creat le haghaidh rannpháirtíochta seachtraí a bheidh aontaithe agus freagrach i gcomhpháirtíocht le páirtithe eile, chun luachanna agus leasanna an Aontais a chur chun cinn i dtaca le slándáil, daonlathas, rathúnas agus ord domhanda a bheidh bunaithe ar rialacha, lena n-áirítear cearta an duine agus an smacht reachta.
3. As an bhfíis pholaitiúil a leagtar amach in EUGS tiocfaidh tionscnaimh bheartais nithiúla agus gníomhaíocht phras, a bheidh dírithe ar na cúig cinn de thosaíochtaí i leith ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a shaináithnítear sa straitéis: an tslándáil agus an chosaint a neartú; infheistiú a dhéanamh i dteacht aniar na stát agus na sochaithe lastoir agus laisteas dínn; cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le coinbhleachtaí agus le géarchéimeanna; orduithe réigiúnacha comhair a chur chun cinn agus tacú leo; agus rialachas domhanda a atreisiú bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí.

4. Formhuíonn an Chomhairle na réimsí tosaíochta le haghaidh chur chun feidhme EUGS a chuir an tArdionadaí/Leas-Uachtarán i láthair mar a leagtar amach thíos. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún obair a bhogadh ar aghaidh ar an mbonn sin, lena n-áirítear i gcomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle, agus leas á bhaint as na hionstraimí agus na beartais go léir ar bhealach cuimsitheach.
5. Déanfaidh an Ardionadaí agus an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, obair a chur chun cinn i dtaca leis na nithe seo a leanas: teacht aniar na stát, teacht aniar eacnamaíoch agus teacht aniar na sochaithe a fhorbairt, go háirithe i gcomharsana an Aontais agus i réigiúin níos leithne thart timpeall orthu, lena n-áirítear Beartas Comharsanachta na hEorpa agus ionstraimí eile de chuid an Aontais; cur chuige comhtháite i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, ag cabhrú sa chaoi sin le teacht aniar an Aontais féin agus a chuid saoránach a fheabhsú; an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí, agus comhleanúnachas a áirithiú idir freagairtí beartais ar na dúshlán atá os comhair bheartais inmheánacha agus seachtracha an Aontais. Cuireann an Chomhairle i dtreis maidir leis an méid sin gur gá díriú ar an imirce chomh maith leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus bagairtí hibidreacha agus gur gá tacú leis na Ballstáit sa mhéid sin. Gné thrasearnálach den obair sin ar fad a bheidh sna spriocanna forbartha inbhuanaithe. Leanfar de chearta an duine chomh maith leis na mná, síocháin agus slándáil agus an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a phríomhshruthú i ngach réimse beartais.

Féachfaidh an Chomhairle faoi athbhreithniú agus nuashonrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar straitéisí áirithe atá ann cheana, mar aon le gníomhaíochtaí comhleanúnacha a chur chun feidhme i réimsí amhail taidhleoireacht aeráide, taidhleoireacht fuinnimh agus taidhleoireacht chultúrtha mar uirlis bhreise luachmhar d'fhonn na spriocanna a leagtar amach in EUGS a bhaint amach. Leagann sí béim ar an ngá leis na hiarrachtaí i réimse na taidhleoireachta poiblí a thabhairt le chéile, lena n-áirítear cumarsáid straitéiseach, laistigh den Aonas Eorpach agus lasmuigh de, chun bheith ar comhaigne agus chun a luachanna bunúsacha a chur chun cinn ar deireadh.

6. Ba cheart obair leantach maidir le slándáil agus cosaint a thabhairt ar aghaidh freisin, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus úinéireacht iomlán na mBallstát á háirithiú. Ullmhófar plean cur chun feidhme uailmhianach réalaíoch lena bhreithniú agus lena chinneadh ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha (lena n-áirítear ina chomhdhéanamh cosanta) i mí na Samhna 2016 agus ag an gComhairle Eorpach i mí na Nollaig 2016. Ba cheart don Chomhairle leibhéal comhaontaithe uailmhéine sibhialta agus míleata a léiriú mar aon leis an ngníomhaíocht nithiúil, lena n-áireofaí, b'fhéidir, tosaíochtaí forbartha cumais agus comhar a neartú lena gcuirfear feabhas ar inchreidteacht an Aontais dtaca le slándáil agus le cosaint agus lena n-áiritheofar Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) sibhialtach agus míleata a bheidh níos freagrúla. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair leanúnach atá ar siúl ag an gCoimisiún chun Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint a fhorbairt lena ndéanfar ionstraimí a mholadh chun tacú leis na tosaíochtaí atá le comhaontú. Ba cheart go gcuideodh an méid sin lena áirithiú go mbeidh bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí in ann riachtanais slándála na hEorpa, idir na riachtanais atá aici anois agus a bheidh aici amach anseo, a chomhlíonadh, agus sa mhéid sin, d'fhéadfadh sé feabhas a chur ar neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa, agus a cumas chun gníomhú le comhpháirtithe a neartú. Meabhraíonn an Chomhairle gur cheart gur iarrachtaí cuimsitheacha a bheadh iontu, go mbeadh comhionannas deiseanna i gceist leo don tionscal cosanta san Aontas Eorpach, go mbeidís cothrom agus go gcomhlíonfaidís dlí an Aontais ina iomláine. Ba cheart obair a thabhairt ar aghaidh go gasta freisin agus ar bhealach comhlántach maidir le cur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh a rinne ceannairí institiúidí an Aontais agus ECAT a shíniú i Vársá, agus neamhspleáchas cinnteoireachta an dá heagraíocht á urramú ina iomláine agus bunaithe ar phrionsabal na cuimsitheachta.
7. Is díol sásaimh don Chomhairle cinneadh an Ardionadaí/Leas-Uachtaráin an chéad tuarascáil cur chun feidhme bhliantúil maidir le EUGS a chur isteach i mí an Mheithimh 2017.